Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2139

22.10.2025

# CINNEADH (AE) 2025/2139 ÓN gCOMHAIRLE

## an 30 Meán Fómhair 2025

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025–2029)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le h Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Iúil 2007, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 894/2007, maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach [1] ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2011.

(2) Chuaigh an prótacal roimhe seo maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in éag an 18 Nollaig 2024.

(3) An 10 Meán Fómhair 2024, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe ('São Tomé agus Príncipe') d'fhonn prótacal nua maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a bhunú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) ('an Prótacal') an 9 Aibreán 2025.

(4) Is é is cuspóir don Phrótacal é a chur ar a gcumas do shoithí de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus é a chur ar a gcumas don Aontas agus do São Tomé agus Príncipe oibriú níos dlúithe le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt, saothrú fónta acmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus san Aigéan Atlantach a chur chun cinn, agus rannchuidiú le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú.

(6) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta São Tomé agus Príncipe agus an ghá atá ann an tréimhse ina gcuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart feidhm shealadach a bheith ag an bPrótacal.

(7) Ós rud é go bhfuil níos mó ná bliain airgeadais amháin i gceist leis an bPrótacal, féadfar na gealltanais bhuiséadacha lena mbaineann a roinnt ina n-íocaíochtaí bliantúla thar thréimhse an Phrótacail, i gcomhréir le hAirteagal 112(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2].

8. Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] agus thug sé tuairim uaidh an 16 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) ('an Prótacal') a shíniú, thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an phrótacail sin.

---

(1) IO L 205, 7.8.2007, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/894/oj.

(2) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(3) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an bPrótacal ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 19 de, ó dháta a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BØDSKOV